# An Gnáthrud

Deirdre Ní Ghrianna
Gearrscéal

- Gearrscéal atá sa saothar seo.
- D’fhéadfaí a rá go bhfuil an grá mar théama lárnach ann.
- Tagann an dúnmharú ag an deireadh aniar aduaidh ar an léitheoir.

- D’fhéadfaí a mhaíomh chomh maith go  bhfuil leochaileacht na beatha mar théama sa ghearrscéal.

- Léirítear an príomhcharachtar Jimmy mar dhuine grámhar agus dílis.

- Tá grá an-mhór ag Jimmy dá bhean chéile agus dá chuid páistí.
- A fhad is atá sé amuigh ag ól tá sé ag smaoineamh ar an ruaille buaille atá sa teach agus a bhean ag iarraidh na páistí a chur ina luí.





- Mhothaigh sé ciontach gach Aoine nuair a théadh sé ag ól lena chairde.
- Is í a bhean Sarah a chuir brú air leanúint leis an nós seo.
- Is léir go raibh an-ghaol idir Jimmy agus a bhean chéile.

- Ba nós leis chomh maith chop suey agus curaí a cheannach ar a bhealach abhaile.

- Bhíodh sé ag tnúth leis an mbéile seo i gcónaí.



- Bhíodh sé ag tnúth go mór le hoíche Shathairn nuair a bhíodh siad suite ar an tolg le buidéal fíona acu agus iad ag breathnú ar scannán.

- Tá an léitheoir in ann ionnanú leis na mothúcháin agus suíomhanna seo.


Estate Grown
GRAND Firepeak CUVÉE
BAILEYANA
FIREPEAK VINEYARD
EDNA VALLEY
SYRAH
ESTATE GROWN, PRODUCED & BOTTLED BY BAILEYANA WINERY
SAN LUIS OBISPO, CALIFORNIA ALCOHOL 14.1% BY VOLUME


21
28 DAYS
50 FIRST
ALL THE KING'S MEN
AS GOOD AS IT GETS
Bewitched
BIG DADDY
guess who
Will Smith
HITCH
JUST ONE OF THE GUYS
LAWRENCE OF ARABIA
multiplicity
MUPPETS FROM SPACE
REAL GENIUS
SHORT CIRCUIT
STEALTH
STOMP THE YARD



- Bhí sé an-bhródúil as an obair a rinne sé fein agus Sarah leis an teach a cheannaigh siad a chóiriú agus a mhaisiú.



- Nuair a chuir fear an bheáir ceist ar Jimmy conas a bhí na páistí, d’athraigh sé an t-ordú deochanna.

- Theastaigh uaidh dul abhaile chun na páistí a theannadh lena chroí.

- Nuair a chuir an freastalaí ceist air cén fáth a raibh sé ag dul abhaile chomh luath sin dúirt sé gur mhaith leis a pháistí a fheiceáil.

- Ba ar a bhean Sarah a bhí sé ag cuimhneamh nuair a dúnmharaíodh é.

- Bhí sé ag súil leis an tine mhór a bheadh sa tintéan agus ar an dá phláta agus forc a bheadh réidh.

- Ba bhreá leis luí lena taobh agus insint di faoi chomh sona sásta is a bhí sé toisc iad a bheith le chéile.



- Thaitin atamisféar an teaghlaigh leis.



- Bhí sé tuisceanach agus dílis dá chara Billy a bhí ag ól go trom le seachtain anuas.

- Bhí Billy i dtrioblóid leis an gaffer, ach gheall Jimmy don gaffer go gcoimeádfadh sé súil ar Bhilly.

- Bhí déistin air nuair a chuala sé an drochaint ós na fir óga sa bhialann.
- Níor thuig sé an nós a bhí ag fir áirithe a bheith i gcónaí suite ar stólta ag cuntar an bheáir.

- Ní dheachaigh sé thar fóir leis an ólachán riamh.
- Thug a chairde ‘fear ólta sú’ air.
- Thaitin an chraic agus an chuideachta leis níos mó ná a bheith ag ól piontaí.

## Tréithe an Ghearrscéil:

- Tá téama láidir sa ghearrscéal seo agus cloíonn an t-údar leis ó thús go deireadh.
- Déantar léiriú iontach ar an bpríomhcharachtar.
- Tá casadh tobann, gan choinne, ag deireadh an ghearrscéil.

- Is minic a bhaineann údair úsáid as cleasa éagsúla chun cur le hatmaisféar an ghearrscéil a bhíonn idir lámha acu.
- Cuireann an foréigean ag an deireadh le hatmaisféar an ghrá sa ghearrscéal.

- Cuireann an eachtra foréigeanach béim thruacánta ar an grá a bhí le mothú sa ghearrscéal go dtí sin.
- Tá codarsnacht láidir ansin.



